Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7197/26**

**ENER 120**
**ENV 219**
**TRANS 139**
**ECOFIN 319**
**RECH 116**
**CLIMA 128**
**IND 178**
**COMPET 303**
**CONSOM 75**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1526 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 10.3.2026<br>maidir le leas a bhaint as infheistíocht príobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1526 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1526 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2026
C(2026) 1526 final

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.3.2026**

**maidir le leas a bhaint as infheistíocht príobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh**

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.3.2026**

**maidir le leas a bhaint as infheistíocht príobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa teachtaireacht uaidh an 17 Meán Fómhair 2020 dar teideal 'Stepping up Europe's 2030 climate ambition — Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people' [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 — Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] ('an Plean um Sprioc Aeráide'),[1] mhol an Coimisiún cur le huaillmhian aeráide an Aontais tríd an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéadú go 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030. D'éirigh leis an togra an gealltanas a tugadh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[2] a chur i gcrích chun plean cuimsitheach a chur chun tosaigh chun sprioc an Aontais le haghaidh 2030 a athrú i dtreo 55 % ar bhealach freagrach. Léiríodh sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide gur gá, chun an uaillmhian mhéadaithe aeráide a bhaint amach, feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a ardú go mór ón leibhéal reatha 32,5 %.

(2) Tháinig Treoir (AE) 2023/1791 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (an 'Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh' arna hathmhúnlú (athmhúnlú TEF))[3] i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2023, lenar tugadh isteach sprioc cheangailteach de chuid an Aontais laghdú 11,7 % a dhéanamh ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil agus deiridh faoi 2030, rud a chuir go mór leis an leibhéal uaillmhéine le haghaidh 2030, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i ndáil le maoiniú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, agus dlús a chur le cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i gcinntí beartais, pleanála agus infheistíochta, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla iontu.

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Stepping up Europe's 2030 climate ambition: Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people' [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030: Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] COM/2020/562 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52020DC0562 .

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le 'Comhaontú Glas don Eoraip' COM(2019) 640 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52019DC0640.

3 Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) (IO L 231, 20.9.2023, lgh. 1–111), ELI: Treoir - 2023/1791 - GA - EUR-Lex.

(3) Áirítear sa phlean gníomhaíochta um fhuinneamh inacmhainne[4], a glacadh an 26 Feabhra 2025 mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[5], príomhghníomhaíochtaí chun costais fuinnimh a laghdú do theaghlaigh agus d'fhiontair, agus chun cuidiú le fíor-Aontas Fuinnimh a thógáil lena mbainfear amach iomaíochas, slándáil, dícharbónú agus aistriú cóir. Tá an plean gníomhaíochta bunaithe ar cheithre cholún agus ocht bpríomhghníomhaíocht, lena n-áirítear Gníomhaíocht thiomnaithe chun cur le héifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a bhaint amach, agus ról na héifeachtúlachta fuinnimh mar phríomh-rannchuiditheoir le fuinneamh inacmhainne, dícharbónú agus iomaíochas tionsclaíoch á chur i dtábhacht. Chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, tacóidh an Coimisiún Eorpach le gníomhaithe margaidh agus le hinstitiúidí airgeadais chun margadh aonair le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a chothú.

(4) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020, dar teideal 'A Renovation Wave for Europe' [Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip][6], sainaithnítear an earnáil tógála mar earnáil ríthábhachtach chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach agus chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Tá sin amhlaidh mar gheall ar ábharthacht na bhfoirgneamh, a bhfuil thart ar 40 % de thomhaltas fuinnimh iomlán an Aontais agus 36 % dá chuid astaíochtaí gáis ceaptha teasa i gceist leo.

(5) Tháinig Treoir (AE) 2024/1275 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ('athmhúnlú na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh' (athmhúnlú TFFF))[7] i bhfeidhm an 28 Bealtaine 2024 agus is é is aidhm di borradh struchtúrach a chur faoi fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh ag díriú ar thacaíocht le haghaidh athchóiriú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla, ar bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac trí thosaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha, agus stoc foirgneamh a bheidh dícharbónaithe go hiomlán a bhaint amach faoi 2050.

(6) Sa Teachtaireacht maidir leis an bPlean REPowerEU i mí na Bealtaine 2022[8], agus ina dhiaidh sin sa Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis[9] agus

---

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne – Leas a bhaint as fíorluach ár nAontais Fuinnimh chun fuinneamh glan éifeachtúil inacmhainne a sholáthar do mhuintir uile na hEorpa' COM(2025) 79 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52025DC0079 .

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú' COM(2025) 85 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52025DC0085 .

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'A Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving lives' [Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip – ár bhfoirgnimh a ghlasú, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú] COM(2020) 662 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52020DC0662).

[7] Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) (IO L, 2024/1275, 8.5.2024), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj.

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le 'Plean REPowerEU' 2022 COM/2022/230 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM%3A2022%3A230%3AFIN&qid=1653033742483

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir

sa togra le haghaidh Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis ón Rúis agus feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann[10], sainaithnítear éifeachtúlacht fuinnimh agus iarrachtaí chun fuinneamh a choigilt mar phríomhcholúin de chuid chuspóirí slándála fuinnimh an Aontais chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a laghdú go mór agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh.

(7) Cuirtear i dtábhacht i dTuarascáil 2025 ar Infheistíocht Dhomhanda san Fhuinneamh ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA)[11] maidir leis an gcuspóir luas na bhfeabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt go mbeidh gá le níos mó infheistíocht bhreise chun an cuspóir sin a bhaint amach. Cé gur tháinig méadú leanúnach ar infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh idir 2015 agus 2022, fuair IEA amach go bhfuil tacaíocht bheartais agus mhaoiniúcháin tar éis rolladh siar ó 2023 ar aghaidh, agus gur deimhníodh an treocht in 2024. Go háirithe, tháinig laghdú 2 % ar infheistíocht an Aontais Eorpaigh san éifeachtúlacht fuinnimh agus sa leictriú, go príomha mar gheall ar thacaíocht bheartais laghdaithe i roinnt margaí agus moilliú ar dhíolacháin teaschaidéal. Luaigh IEA nach mór, ar an iomlán, ráta bliantúil reatha na n-infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh agus sa leictriú a mhéadú faoi thrí chun ráta na bhfeabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt.

(8) Meabhraíodh sa tuarascáil ó Mario Draghi 'A Competitiveness Strategy for Europe' [Tuarascáil maidir le Straitéis Iomaíochais don Eoraip] an maoiniú ollmhór ón Aontas a mbeidh gá leis chun a chuspóirí beartais a bhaint amach, a bhfuil infheistíocht bhreise bhliantúil idir EUR 750 agus 800 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana i gceist leis, agus nach mór maoiniú poiblí an Aontais a chur in úsáid go héifeachtach chun infheistíochtaí príobháideacha a spreagadh. Chun tacú le hinfheistíochtaí príobháideacha a shlógadh, aithníodh i dtuarascáil Draghi an gá le hAontas na Margaí Caipitil a thabhairt chun críche, cur le hacmhainneacht mhaoiniúcháin na hearnála baincéireachta, lena n-áireofaí an t-urrúsú a athbheochan agus an rialáil stuamachta atá ann faoi láthair a mheas, agus buiséad an Aontais a athchóiriú chun cur lena fhócas agus lena éifeachtúlacht agus chun giaráil infheistíochtaí príobháideacha a fheabhsú.

(9) Go deimhin, tá sé ríthábhachtach infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh a shlógadh agus maoiniú príobháideach breise a ghiaráil trí bhearta tiomnaithe beartais agus maoiniúcháin chun cuidiú leis na Ballstáit spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach, chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar bhealach costéifeachtach, chun an t-aistriú chuig córas comhtháite fuinnimh lena soláthraítear fuinneamh inacmhainne glan do chách a éascú, agus chun an brú ar an éileamh ar fhuinneamh agus, dá bhrí sin, ar phraghsanna fuinnimh, a laghdú, agus iomaíochas agus inbhuanaitheacht gheilleagar an Aontais á bhfeabhsú, agus rannchuidiú á dhéanamh le laghdú ar spleáchas an Aontais ar allmhairí fuinnimh.

---

le 'Roadmap towards ending Russian energy imports' [Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis], COM/2025/440 final/2, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0440R%2801%29&qid=1747125158211

[10] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938, COM/2025/828 final, 2025/0180(COD), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025PC0828&qid=1750669110360

[11] Tuarascáil IEA, 'World Energy Investment 2025 [Tuarascáil ar Infheistíocht Dhomhanda san Fhuinneamh]', https://iea.blob.core.windows.net/assets/1c136349-1c31-469b-9ed7-1a7d532e4306/WorldEnergyInvestment2025.pdf

(10) Aithnítear in Airteagal 30 d'athmhúnlú TEF (AE/2023/1791) an gá le tacaíocht leordhóthanach airgeadais agus theicniúil a chur in úsáid do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus chun bearta beartais spriocdhírithe a fhorbairt lena gcumasófar slógadh infheistíochtaí príobháideacha in éifeachtúlacht fuinnimh.

(11) Ba cheart ról lárnach a bheith ag institiúidí airgeadais agus ag gníomhaithe sa mhargadh éifeachtúlachta fuinnimh, amhail cuideachtaí seirbhísí fuinnimh, pobail fuinnimh, fóntais fuinnimh agus oibreoirí córais dáileacháin, gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair, cuideachtaí eastáit réadaigh agus soláthraithe éifeachtúlachta fuinnimh agus teicneolaíochtaí glan-nialasachta maidir le hinfheistíochtaí príobháideacha san éifeachtúlacht fuinnimh a chur in úsáid trí na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a ghiaráil ó thaobh coigilteas costais fuinnimh de, agus ar an gcaoi sin an cás gnó le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar scála níos mó.

(12) Chun rannpháirtíocht institiúidí airgeadais a ghiaráil agus infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh a thuilleadh le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, in 2024 chruthaigh an Coimisiún an Chomhghuaillíocht Eorpach um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh ('an Chomhghuaillíocht'), inar tugadh le chéile Ballstáit an Aontais, institiúidí airgeadais agus na páirtithe leasmhara ábhartha mar chomhaltaí bunaidh chun gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint lena bhfeabhsófaí an maoiniú príobháideach le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh. Is iad cuspóirí na Comhghuaillíochta timpeallacht mhargaidh fhabhrach a chruthú le haghaidh infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus cur go mór leis an maoiniú príobháideach a bhfuil gá leis chun tacú le spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais do 2030 agus 2050 a bhaint amach.

(13) Leis an tuarascáil chomhpháirteach maidir le 'Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh san Eoraip – Measúnú ar chaiteachas poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh'[12], i gcomhréir le forálacha Airteagal 30(17) d'athmhúnlú TEF (AE/2023/1791) agus Airteagal 9(8) d'athmhúnlú TFFF (AE/2024/1275), déantar measúnú ar staid reatha na tacaíochta cistiúcháin phoiblí san Eoraip agus ar a éifeachtaí atá sí chun infheistíochtaí príobháideacha breise a ghiaráil. Tugtar ar aird sa tuarascáil chomhpháirteach go bhfuil gá le hinfheistíocht EUR 370 billiún in aghaidh na bliana chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach don tréimhse 2021-2030 agus gur thart ar EUR 170 billiún in aghaidh na bliana[13] atá i gceist leis an mbearna infheistíochta réamh-mheasta chun na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Tháinig méadú 62 % ar acmhainní buiséadacha an Aontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 i gcomparáid leis an tréimhse 2014-2020, agus méadú 491 % nuair a chuirtear an ranníocaíocht ó NextGenerationEU san áireamh, ó EUR 26,5 billiún go 156,6 billiún. Is ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('STA') a thagann formhór mór an mhéadaithe sin. Is é conclúid na tuarascála comhpháirtí gur bunriachtanas le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh iad acmhainní

[12] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh san Eoraip: Measúnú ar chaiteachas poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh COM(2026)118

[13] Tuarascáil 2024 ó IEA maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, https://iea.blob.core.windows.net/assets/f304f2ba-e9a2-4e6d-b529-fb67cd13f646/EnergyEfficiency2024.pdf; agus Bruegel, *How to finance the European Union's building decarbonisation plan*, foinse: PB 12 2024.pdf.

buiséid phoiblí an Aontais agus na hacmhainní buiséid phoiblí náisiúnta cé nach bhfuil iontu ach sciar teoranta a bhfuil thart ar 14,4 % de na riachtanais infheistíochta i gceist leis. Conclúid eile sa tuarascáil is ea gur cheart éifeacht chatalaíoch an chistiúcháin phoiblí a shaothrú go hiomlán agus a thuilleadh trí chur le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na tacaíochta buiséadaí poiblí maidir le níos mó coigilteas fuinnimh a bhaint amach agus caipiteal príobháideach breise a mhealladh.

(14) I bhfianaise a theoranta atá na hacmhainní poiblí atá ar fáil, ba cheart a n-úsáid a spriocdhíriú chun cur leis an gcás gnó maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh a chuireann bac ar shlógadh infheistíochta príobháidí san éifeachtúlacht fuinnimh, agus díriú freisin ar thacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha chun aghaidh a thabhairt ar chostais arda tosaigh. Ina theannta sin, is bacainn chriticiúil le forbairt tairiscintí airgeadais tiomnaithe agus ionstraimí airgeadais tiomnaithe le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh ar scála é a laghad caighdeánaithe a bhaineann le hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, rud a fhágann nach féidir infheisteoirí caipitil phríobháidigh agus oibreoirí margaidh a mhealladh. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí tacú le comhiomlánú, cúnamh forbartha tionscadail, agus modheolaíochtaí coiteanna chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt, a chomhiomlánú agus a luacháil chun caipiteal príobháideach a phlódú isteach a thuilleadh.

(15) Toisc gan acmhainní dílse a bheith ag na teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus gan ach rochtain theoranta acu ar iasachtaí tráchtála, bíonn bacainní rompu agus iad ag iarraidh teacht ar mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí. Dá bhrí sin, tá ionstraimí airgeadais poiblí nuálacha de dhíth ar theaghlaigh den sórt sin ina gcumascfar cineálacha éagsúla cistiúcháin lenar féidir rochtain a fháil ar mhaoiniú i bhfoirm iasachtaí ar ráta úis nialasach nó íseal, cistiú saor ó chostas agus bunaithe ar fheidhmíocht – amhail conraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh agus maoiniú inbhille – lena dtugtar deis do theaghlaigh rochtain a fháil ar thacaíocht airgeadais tosaigh agus an infheistíocht a aisíoc de réir mar a shábhálann siad ar a mbille fuinnimh, in éineacht le cineálacha maoinithe nuálacha eile. Is féidir ról a bheith ag pobail fuinnimh freisin maidir le hinfheistíochtaí príobháideacha i réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a chomhthiomsú ar bhealach a bheidh níos inrochtana agus níos inacmhainne do shaoránaigh, d'údaráis áitiúla, do FBManna agus do theaghlaigh leochaileacha.

(16) Maidir le bearta chun billí fuinnimh a ísliú agus an bhochtaineacht fuinnimh a laghdú, chomh maith le bearta chun tacú le hathchóiriú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais tomhaltóirí leochaileacha, meastar go rannchuideoidh siad go dearfach le cuspóir an Choimisiúin cur leis an soláthar tithíochta inacmhainne agus leis an rochtain uirthi.

(17) Maidir le hearnáil na bhfoirgneamh go sonrach, tá an meánráta athchóirithe a breathnaíodh ar fud Bhallstáit an Aontais ró-íseal faoi láthair (i.e. faoi bhun 1 %) chun a áirithiú go ndéanfar dícharbónú tráthúil ar an stoc foirgneamh. Trí thacú le rátaí méadaithe athchóirithe agus le glacadh beart éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhearta rialála, spreagfar infheisteoirí príobháideacha agus oibreoirí margaidh chun bheith rannpháirteach i bhforbairt margaidh rathúil le haghaidh infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh.

(18) Chun infheistíochtaí príobháideacha le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, ní mór na difríochtaí atá ann cheana ar fud mhargaí éifeachtúlachta fuinnimh na mBallstát, a gcleachtais mhaoiniúcháin agus a gcreataí rialála agus tacaíochta a aithint.

Tar éis a shainaithint go bhfuil gá le cineálacha éagsúla cur chuige beartais i leith dúshláin éagsúla ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, comhlánaítear an Chomhghuaillíocht a bunaíodh ar leibhéal an Aontais le moil náisiúnta thiomnaithe de chuid na mBallstát. Tá sé i gceist go ndíreoidh gach mol díobh ar chur chuige ar leith a bheidh faoi thionchar an mhargaidh chun an éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Ba cheart do mhoil náisiúnta na Comhghuaillíochta glacadh na réiteach maoiniúcháin ar an leibhéal náisiúnta a spreagadh trí na páirtithe leasmhara iomchuí a chruinniú, lena n-áirítear údaráis phoiblí agus institiúidí airgeadais, agus trí thacaíocht theicniúil leanúnach a sholáthar d'údaráis na mBallstát chun cuidiú leo réitigh mhaoiniúcháin um éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt i gcomhréir lena gcuspóirí beartais agus lena n-uaillmhianta. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart an moladh seo chun leas a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur in oiriúint do na margaí náisiúnta sonracha agus do na cleachtais mhaoiniúcháin shonracha.

(19) In earrach 2024 thionóil an Coimisiún Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh inar tugadh le chéile 150 saoránach Eorpach chun na dúshláin agus na tairbhí is ábhartha dóibh a bhaineann leis an éifeachtúlacht fuinnimh a phlé. Mar thoradh ar a bpléití, chuir na saoránaigh liosta moltaí nithiúla chun cinn a bhféadfaí leas a bhaint astu i dtionscnaimh de chuid an Choimisiúin a bhí ar na bacáin, agus príomhról na tacaíochta le haghaidh maoiniú don éifeachtúlacht fuinnimh á chur i dtábhacht acu ina gcuid moltaí[14].

(20) De bhun Airteagal 30(10) d'athmhúnlú TEF (AE/2023/1791), ceanglaítear ar an gCoimisiún treoir a sholáthar do na Ballstáit agus do ghníomhaithe margaidh i ndáil leis an mbealach chun leas a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha san éifeachtúlacht fuinnimh. Ba cheart an treoir a bheith ina cuidiú leis na Ballstáit agus le gníomhaithe margaidh a gcuid infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme, laistigh agus lasmuigh de chláir éagsúla an Aontais araon, agus ba cheart sásraí airgeadais leordhóthanacha agus réitigh mhaoiniúcháin nuálacha a mholadh léi, ina mbeidh meascán de dheontais, ionstraimí airgeadais agus cúnamh um fhorbairt tionscadal, chun cur go mór le tionscnaimh atá ann cheana agus cláir an Aontais a úsáid mar chatalaíoch chun maoiniú príobháideach a ghiaráil agus a spreagadh.

(21) Gabhann Iarscríbhinn mhionsonraithe leis an Moladh seo ina bhfuil samplaí de ghníomhaíochtaí, bearta agus treoirlínte sonracha maidir lena gcur chun feidhme trí bhíthin scéimeanna maoiniúcháin a chur ar bun lenar féidir leas a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha san éifeachtúlacht fuinnimh.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Ba cheart do na Ballstáit agus do na gníomhaithe margaidh an méid seo a leanas a dhéanamh:

**1. Creat tacaíochta maoiniúcháin phoiblí fadtéarmach a bhunú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh**, lena ngiarálfar go háirithe ról saoráidí cistiúcháin speisialaithe de chineál imrothlach agus ráthaíochtaí poiblí chun cur leis an rochtain ar mhaoiniú agus an riosca a bhaint d'infheistíochtaí. Ba cheart don chreat tacaíochta sin a bheith ina chnámh

[14] Final Recommendations, European Citizens' Panel on Energy Efficiency [Moltaí Deiridh, an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh], https://citizens.ec.europa.eu/document/download/52a3608d-662c-4b0e-b463-684a9dbef302_en?filename=Final%20recommendations%20European%20Citizens%60%20Panel%20on%20Energy%20Efficiency.pdf

droma le forbairt táirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus scéimeanna maoiniúcháin príobháideacha, agus a bheith bunaithe ar chreat rialála éifeachtúlachta fuinnimh intuartha lena n-áiritheofaí infheictheacht fhadtéarmach beartais agus lena gcuirfí borradh faoi mhuinín infheisteoirí. Ba cheart don chreat leas a bhaint freisin as dreasachtaí rialála agus fioscacha chun feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh.

**2. An ciste náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh nó saoráidí coibhéiseacha a bhunú nó a neartú** ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach mar ionstraim thiomnaithe chun an rochtain ar scéimeanna tacaíochta maoiniúcháin phoiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a éascú, lena dtabharfar sruthanna cistiúcháin agus uirlisí maoiniúcháin éagsúla le chéile in aon struchtúr eagraíochtúil amháin. Le saoráid den sórt sin ba cheart an rochtain ar mhaoiniú a chuíchóiriú, sruth láidir infheistíochta éifeachtúlachta fuinnimh a chomhiomlánú, agus cumasc ilsreafaí cistiúcháin phoiblí agus maoinithe phríobháidigh in aon oibríocht amháin a chumasú. D’fhéadfadh saoráid den sórt sin cláir chistiúcháin spriocdhírithe, ráthaíochtaí poiblí, ionstraimí airgeadais, tacaíocht cúnaimh theicniúil, cuachadh creidmheasa chun críoch urrúsaithe, agus scéimeanna forfáidiúcháin agus fachtóireachta, i measc nithe eile, a chur in úsáid agus rannchuidiú le próisis, rialacha agus modheolaíochtaí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a shimpliú, chomh maith le feabhas a chur ar infheictheacht agus feasacht maidir le scéimeanna tacaíochta airgeadais agus dreasachtaí airgeadais araon le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Measúnú a dhéanamh ar staid na scéimeanna maoinithe éifeachtúlachta fuinnimh ina dtír féin; agus
– Caipitliú a chinneadh don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh atá á bhunú nó á neartú.

**3. Cur go mór le hionstraimí airgeadais fadtéarmacha agus réitigh mhaoiniúcháin chumaiscthe.** Ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat maoiniúcháin náisiúnta atá ann cheana, d’fhonn réitigh mhaoiniúcháin chumaiscthe a bhunú agus a úsáid lena gcomhcheanglaítear iasachtaí ar ráta úis íseal nó nialasach agus ráthaíochtaí poiblí in aon oibríocht amháin le cineálacha éagsúla deontas — fóirdheontais úis agus táillí ráthaíochta, lacáistí caipitil, deontais cúnaimh theicniúil, ar féidir leo tacú le chéile le tairiscintí maoiniúcháin phríobháidigh, táirgí airgeadais agus ionstraimí nuálacha maoiniúcháin a fhorbairt. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Tacaíocht na ndeontas comhcheangailte a mhodhnú chun an riosca agus na bacainní ar rochtain ar mhaoiniú a laghdú;
– Cineál cistí imrothlacha na n-ionstraimí airgeadais um éifeachtúlacht fuinnimh a bhfuil comhpháirt deontas comhcheangailte acu a ghiaráil le comhpháirt deontas comhcheangailte;
– Tacú le forbairt meán airgeadais sonrach um éifeachtúlacht fuinnimh; agus

An leas is mó is féidir a bhaint as cistí buiséid agus cláir de chuid an Aontais chun ionstraimí airgeadais a chur in úsáid ar scála.

**4. Saoráidí cúnaimh forbartha tionscadail a chur in úsáid agus tacú le forbairt ‘comhbhailitheoirí’ tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh**. Áirítear leis sin ionaid ilfhreastail a chuidíonn le saoránaigh agus fiontair chun tionscadail infheistíochta um éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus a chomhiomlánú, sárchuideachtaí seirbhísí fuinnimh, pobail

fuinnimh, saoráidí cúnaimh forbartha tionscadail agus forbróirí tionscadail eile. Ba cheart tacú leis na comhbhailitheoirí chun méid criticiúil a bhaint amach, agus é mar chuspóir píblíne láidir infheistíochtaí iontaofa ó thaobh brabúis de a bhunú. Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as tacaíocht ón Aontas, mar shampla tríd an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, chun cúnamh teicniúil náisiúnta nó réigiúnach agus saoráidí cúnaimh forbartha tionscadail a bhunú.

**5. Páirt réamhghníomhach a ghlacadh sa Chomhghuaillíocht Eorpach um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh chun comhar níos dlúithe agus éifeachtach le hinstitiúidí airgeadais a chur chun cinn**. Áirítear leis sin a mhoil náisiúnta a fhorbairt, agus a sainorduithe agus a gcláir oibre á sainiú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Comhpháirtíochtaí a bhunú chun cuidiú le bainc thráchtála tairbhí airgeadais indíreacha infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a ghiaráil ar bhealach níos fearr; agus

– Tacú le hinstitiúidí airgeadais agus iad a shireadh maidir le roghanna maoiniúcháin um éifeachtúlacht fuinnimh atá fabhrach do chustaiméirí a thairiscint.

**6. An úsáid is fearr a bhaint as dreasachtaí fioscacha chun infheistíochtaí príobháideacha san éifeachtúlacht fuinnimh a shlógadh**. Ba cheart é a bheith ina phríomhthosaíocht deireadh a chur le bearta agus fóirdheontais fhioscacha lena ndéantar infheistíochtaí i bhfeabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhídhreasú, amhail gaibhniú teicneolaíochtaí atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise agus teicneolaíochtaí neamhéifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, agus bearta fioscacha a sheachaint lena ndírítear muirir fhioscacha níos airde ar thairbhí indíreacha eacnamaíocha na bhfeabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit dreasachtaí fioscacha dearfacha agus bearta cánach a thabhairt isteach chun infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh a shlógadh.

**7. Forbairt agus glacadh táirgí iasachtúcháin éifeachtúlachta fuinnimh agus maoiniú príobháideach a chur chun cinn trí bhíthin comhaontuithe creidmheasa**. Áirítear orthu sin morgáistí éifeachtúlachta fuinnimh agus iasachtaí le haghaidh athchóirithe, lena n-áirítear úsáid ráthaíochtaí poiblí, bearta dí-rioscaithe eile, dreasachtaí cánach, neartú ról na hearnála baincéireachta miondíola, agus luacháil an choigiltis fuinnimh i measúnuithe acmhainneachta creidmheasa. I gcomhréir le hathmhúnlú TEF (AE/2023/1791), a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí airgeadais táirgí iasachtúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a thairiscint go forleathan agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach – rud a chiallaíonn go gcuirfear chun cinn iad in aghaidh táirgí airgeadais traidisiúnta nuair is iad a chomhlíonann leasanna custaiméirí ionchasacha – agus go bhfuil siad infheicthe agus inrochtana do thomhaltóirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin tacaíocht ó ghníomhaithe tríú páirtí agus ó údaráis phoiblí. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

– É a chur ar a gcumas do chomhlachais chomhúinéireachta iasachtaí a ghlacadh go comhpháirteach chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú; agus

– Cúnamh teicniúil agus comhairle theicniúil a sholáthar d'institiúidí maoiniúcháin chun an acmhainneacht is gá a chothú chun go mbeidh oifigigh iasachta in ann táirgí iasachtúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a mhargú.

Ba cheart do ghníomhaithe margaidh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Táirgí iasachtúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt agus a mhargú; agus
- Réitigh mhaoiniúcháin agus iasachtúcháin atá fabhrach do chustaiméirí a sholáthar le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le hAirteagal 30 TEF.

**8. An creat rialála is gá a chumasú agus tacú le forbairt scéimeanna maoiniúcháin nuálacha.** Ba cheart scéimeanna amhail maoiniú inchánach agus maoiniú inbhille a fhorbairt trína chur ar a gcumas do na húdaráis phoiblí ábhartha cánacha agus muirir eile a úsáid mar fheithiclí aisíocaíochta fiachais, trí pháirt a thabhairt d'fhóntais fuinnimh agus do dháileoirí maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú agus aisíoc fiachais a cheadú trí bhíthin billí fuinnimh. Agus trína fhágáil gur féidir an fiach a cheangal de mhaoin agus a aistriú in éineacht le húinéireacht na maoine. Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A mheas an gceadaítear leis an gcreat náisiúnta scéimeanna maoinithe inchánach agus scéimeanna maoinithe inbhille a fhorbairt;
- Ceart fóntas fuinnimh a bhunú chun maoiniú a sholáthar le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh;
- Nósanna imeachta a bhunú chun aisíocaíochtaí a áirithiú trí bhíthin cánacha a bhaineann le maoin agus aistriú fiachais mar aon le húinéireacht;
- Sreabhadh airgid leordhóthanach a áirithiú sna heintitis cur chun feidhme (e.g. fóntais, cuideachtaí seirbhísí fuinnimh), agus/nó cistí ráthaíochta agus tacaíochta náisiúnta nó áitiúla a bhunú chun méadú a bhaint amach;

Ba cheart do ghníomhaithe margaidh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Scéimeanna maoiniúcháin inbhille a fhorbairt agus a mhargú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, trí chomhar a chothú idir fóntais fuinnimh agus cuideachtaí seirbhíse fuinnimh.

**9. Deireadh a chur le bacainní agus maoiniú éifeachtúlachta fuinnimh a uas-scálú trí bhíthin comhaontuithe seirbhíse agus margadh le haghaidh seirbhísí fuinnimh a chothú**. I measc na samplaí tá tacú le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh trí chaiteachas oibriúcháin, deireadh a chur le scrogaill riaracháin agus bacainní ar fhorbairt margaidh cuideachtaí seirbhísí fuinnimh, ionstraimí feidhmíochtbhunaithe a ghiaráil amhail conraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh agus réitigh nuálacha eile seirbhísí fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit agus do na gníomhaithe margaidh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacaíocht bhuiséadach phoiblí an Aontais agus tacaíocht bhuiséadach phoiblí náisiúnta a úsáid chun margadh na gcuideachtaí seirbhísí fuinnimh a fhorbairt, trí mhaoiniú do chuideachtaí seirbhísí fuinnimh agus meáin shainchuspóireacha um éifeachtúlacht fuinnimh a éascú;
- Ról na gcuideachtaí seirbhísí fuinnimh agus módúlachtaí conarthacha nua a chur chun cinn, amhail fuinneamh mar sheirbhís agus conraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh, mar cholún den bheartas náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh;

- Nuashonrú creataí reachtacha agus tairiscintí poiblí a chur chun cinn chun maoiniú agus conraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh na gcuideachtaí seirbhísí fuinnimh a aithint agus a éascú go sainráite; agus
- Tacú le hardbhonneagar méadraithe a chur in úsáid lenar féidir faireachán uathoibríoch a dhéanamh ar shreafaí agus coigilteas fuinnimh.

Ba cheart do ghníomhaithe margaidh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacaíocht phoiblí agus margadh aonair an Aontais a ghiaráil chun margadh bríomhar a chothú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh mar sheirbhís, lena n-áirítear é sin a dhéanamh thar theorainneacha inmheánacha an Aontais; agus
- Comhpháirtíochtaí idir soláthraithe teicneolaíochta, dáileoirí fuinnimh agus cuideachtaí seirbhísí fuinnimh agus institiúidí airgeadais a fhorbairt.

**10. Ráthaíochtaí poiblí fadtéarmacha agus uirlisí dí-rioscaithe eile a chur in úsáid ar féidir leo cur leis an rochtain ar mhaoiniú príobháideach le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh.** Tá siad sin ríthábhachtach chun feabhas a chur ar an gcás gnó maidir le héifeachtúlacht fuinnimh tríd an riosca infheistíochta foriomlán a laghdú, trí thacaíocht feabhsaithe creidmheasa a sholáthar chun cur le rochtain ar mhaoiniú le haghaidh margaí agus deighleoga daonra sonracha, agus trí bhonn taca a chur faoi rátaí úis níos iomaíche. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit rioscaí agus deacrachtaí tírshonracha a shainaithint maidir le rochtain ar mhaoiniú le haghaidh rannpháirtithe margaidh.

**11. Deiseanna athmhaoinithe a chur chun cinn agus forbairt an mhargaidh thánaistigh le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a chothú** le hinstitiúidí airgeadais príobháideacha. D’fhéadfadh saoráidí den sórt sin tacú le scéimeanna forghéillte/forfáidithe agus fachtóireachta le haghaidh conarthaí feidhmíochta fuinnimh cuideachtaí seirbhísí fuinnimh, infháltais éifeachtúlachta fuinnimh ó thionscnóirí iasachtaí éagsúla a chuachadh chun críoch urrúsaithe, agus cruthú sárchuideachtaí seirbhísí fuinnimh nó struchtúr comhchosúil a dhéanann idirghabháil idir cuideachtaí seirbhísí fuinnimh agus infheisteoirí institiúideacha a éascú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus do na gníomhaithe margaidh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Forbairt mhargadh na mbannaí glasa ina gcomhthéacs náisiúnta a spreagadh; agus
- Idirphlé tiomnaithe a bhunú agus a threisiú le hinstitiúidí airgeadais maidir le margadh tánaisteach le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt; agus
- Tacú le bunú saoráidí tiomnaithe athmhaoiniúcháin um éifeachtúlacht fuinnimh.

**12. Feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh.** Áirítear leis sin sonraí maidir le feidhmíocht airgeadais infheistíochta um éifeachtúlacht fuinnimh agus sonraí chun tacú le faireachán coigiltis fuinnimh agus bearta fíoraithe. Ba cheart do na Ballstáit agus do ghníomhaithe margaidh tacú le forbairt, comhchuibhiú, caighdeánú agus simpliú modheolaíochtaí rátála tionscadail, lena n-áirítear sochair nach sochair fuinnimh iad a luacháil agus na bearta faireacháin agus fíoraithe maidir le coigilteas fuinnimh atá ríthábhachtach chun cur le muinín agus cinnteacht infheisteoirí, agus luach airgeadúil an choigiltis fuinnimh mar thráchtearra intrádála a dhaingniú.

Agus an Moladh seo á chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit agus do ghníomhaithe margaidh breithniú iomchuí a dhéanamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo ina soláthraítear treoirlínte mionsonraithe maidir le bearta sonracha beartais agus maoiniúcháin chun infheistíocht phríobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh a shlógadh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha a mholtar, cúlra réasúnaithe agus samplaí de chásanna úsáide rathúla.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Dan Jørgensen*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach